# S.E.

## AN ROINN IASCAIGH.

NA hACHTANNA IASCAIGH, 1842 GO 1925.

---

# FO-DHLI Uimh. 376.

## LÍONTÓIREACHT I mBÁGH DHÚN DEALGAN.

De bhua agus i bhfeidhmiú na gcomhacht a tugtar dom leis an Acht Iascaigh, 1925, agus de bhua agus i bhfeidhmiú gach comhachta eile le n-a gcuirtear so ar mo chumas, dinim-se, FIONÁN O LOINGSIGH, Aire Iascaigh, AN FO-DHLI SEO LEANAS DO CHEAPA IS D'ORDU:—

Tá sé toirmiscithe aon bhád, éadromán mara, pola no gléas eile do chur ar ancaire, d'fheistiú no do cheangal, chun no mar chabhair chun iascaireachta le líon dá ngairmtear Saighne Lochlannach (no le haon tsaighne no líon fionnraí is cuma cad is ainm de) a taraigtear isteach le comhacht ghaile no mhótair, sa tslí is go mbeidh sé no go dtiocfa sé laistigh no laistiar de líne dhíreach a rithfadh treasna Bhágh Dhún Dealgan ón bpuinte is aoirde ar Shliabh Foye no Sliabh Cáirlinne ar an dtaobh Thuaidh go dtí an chuid is sia Soir de Phuinte Dhún Ana ar an dtaobh Theas.

Gach duine riamh a dhéanfaidh cionta in agha na fo-dhlí seo geall-bhruidfe sé agus íocfa sé in agha gach cionta suim ná raghaidh thar Chúig Púint, agus geallbhruidfar gach líon a húsáidfar contrárdha don bhfo-dhlí seo.

Féadfar chun gach críche, Fo-Dhlí Bhágh Dhún Dealgan Uimh. 376, 1925, do ghairm den bhfo-dhlí seo.

[L.S.]

Tugtha fém Shéala Oifige, an triú fichead lá so de mhí na Nodlag Mile naoi gcéad a cúig fichead.

FIONAN O LOINGSIGH,
*Aire Iascaigh.*

---

NÓTA.—Fé fhorálacha an Achta Iascaigh, 1925, tiocfaidh an fho-dhlí seo i bhfeidhm ar an ochtú lá fichead tar éis an dáta so thuas.

Revoked by By-law No. 438

(8723).W[illegible]/25—[illegible].4/202.12/25.A.T.&Co.,Ltd.

# S.E.

## DEPARTMENT OF FISHERIES.

FISHERIES ACTS, 1842 TO 1925.

---

# BY-LAW No. 376.

## NETTING IN DUNDALK BAY.

I, FIONAN O'LOINGSIGH, Minister for Fisheries, by virtue and in exercise of the powers vested in me by the Fisheries Act, 1925, and of every other power enabling me in this behalf, do MAKE AND ORDAIN THE FOLLOWING BY-LAW:—

It is prohibited to anchor, moor, or make fast, for the purpose of or for any purpose accessory to fishing with a net known as a Danish Seine (or any seine or draft net by whatsoever name known) hauled by steam or motor power, any boat, buoy, pole, or other contrivance in such a manner that it shall be or come within or to the Westward of a straight line drawn across Dundalk Bay from the highest point of Slieve Foye or Carlingford Mountain on the North to the Eastern extremity of Dunany Point on the South.

Each and every person offending against this by-law shall forfeit and pay for each offence a sum not exceeding Five Pounds, and all nets used contrary to this by-law shall be forfeited.

This by-law may be cited for all purposes as the Dundalk Bay By-law, No. 376, 1925.

[L.S.]

Given under my Seal of Office, this twenty-third day of December, One thousand nine hundred and twenty-five.

FÍONÁN O LOINGSIGH,
*Minister for Fisheries.*

---

NOTE.—Under the provisions of the Fisheries Act, 1925, this by-law will come into operation on the twenty-eighth day after the above date.